V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10923 – PLASTIC OMNIUM / HBPO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 381/05)

1. An 23 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Compagnie Plastic Omnium SE ("Plastic Omnium", An Fhrainc), atá faoi rialú Burelle SA (An Fhrainc),

— HBPO Beteiligungsgesellschaft mbH ("HBPO", an Ghearmáin), atá á rialú go comhpháirteach faoi láthair ag Plastic Omnium agus Hella GmbH & Co. KGaA (an Ghearmáin).

Gheobhaidh Plastic Omnium rialú aonair ar HBPO ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn Plastic Omnium ar fud an domhain mar sholáthróir Leibhéal 1 mótarfheithiclí, atá speisialaithe i bhforbairt, monarú agus soláthar comhpháirteanna agus modúl/córas, go príomha le haghaidh feithiclí éadroma (go príomha, tuairteoirí, cúlhaistí/comhlaí cúil agus bacóirí, córais stórála agus seachadta breosla, cruacha breosla-cheall, soithí hidrigine agus córais hidrigine chomhtháite),

— Iompróirí tosaigh, comhlaí gríle gníomhacha, réitigh mhodúil le haghaidh taobh istigh feithiclí (cróite agus consóil láir), réitigh le haghaidh luchtú feithiclí leictreacha, déanann HBPO iad a fhorbairt, a mhonarú agus a sholáthar le haghaidh feithiclí éadroma, agus déanann sé modúil tosaigh a fhorbairt, a chóimeáil agus a sholáthar le haghaidh na bhfeithiclí sin freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10923 – PLASTIC OMNIUM / HBPO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË